Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
County Donegal Vocational Education Committee

**POST MAR LEAS-PRÍOMHOIDE**
**COLÁISTE CHRANNCHA, BUN CRANNCHA, BAILE DHÚN NA NGALL**

**NÓTAÍ MAR THREOIR D'IARRATASÓIRÍ**

Maidir le do shuim sa phost seo mar Leas-Príomhoide i Coláiste Chranncha, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall tugann an Choiste na nótaí seo a leanas chugat mar threoir duit chun an fhoirm iarratais a chomhlíonadh. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil cóip den Sonraíocht Poist agus Sonraíocht faoin duine léite agat roimh an fhoirm iarratais seo a chomhlíonadh.

1. Cinntigh go gcuireann tú do shíniú agus an dáta ar an leathanach deireanach den Fhoirm Iarratais.

2. Tig leat cóip den fhoirm iarratais chomhlánta a sheoladh chugainn trí facs nó ríomhphost roimh an dáta deiridh, ach, tabhair faoi deara ní cuirfear aon iarratas san áireamh go dtí go mbeidh an cruachóip sínithe faighte ag an Rannán Acmhainní Daonna.

3. Is féidir leat eolas breise ar bith a mheasann tú a chuideoidh le d'iarratas a chur isteach mar aguisín leis an fhoirm.

4. Tabhair faoi deara go mbeidh an Rannán Acmhainní Daonna i dteagmháil le moltóirí/réiteoirí roimh an agallamh. Chomh maith le sin, tabhair faoi deara go gcoimeádann Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall de cheart acu féin glaoch ar fhostóirí roimhe seo atá liostaithe ar d'fhoirm iarratais, nach bhfuil tugtha agat mar moltóirí/réiteoirí.

5. Caithfidh iarratasóirí a ghlacann cuireadh chuig agallamh cur i láthair deich (10) bomaite a thabhairt don bhord ar "*Mo fís agus straitéis ar fhorbairt agus feabhsú Coláiste Chranncha*".

Dá mbeadh sé de dhíth ort, beidh muid in ann trealamh speisialta a sholáthar don cur i láthair, m.sh. Ríomhaire le *Powerpoint* agus osteilgeoir.

Caithfidh tú cóip den cur i láthair a sheoladh trí lá roimh dáta na n-agallamh chuig Linda Harley ag linda@donegalvec.ie, le chinntiú go bhfuil gach rud I gceart leis agus go mbeidh se réidh agus ar fáil duit ar lá na n-agallamh.

Má tá ceisteanna ar bith agat i ndáil leis an phróiseas iarratais, faigh i dteagmháil le Linda Harley, T: (074) 91 61510 nó Ríomhphost: linda@donegalvec.ie

## Dréacht-Chlár Ama Atá Molta Don Cheapachán

| | |
|---|---|
| **29 d'Eanair, 2012:** | Fógra sa pháipéar *"Sunday Independent"*<br>Fógra, foirm iarratais agus tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin www.donegalvec.ie |
| **2 Feabhra, 2012** | Fógra san *"Irish Indpendent"* (Dé Deardaoin) |
| **3 Feabhra, 2012** | Fógra san *"Irish Times"* (Dé Aoine) |
| **De Luain, 13 Feabhra, 2012 12:00 nóin:** | Dáta deiridh ar a nglacfar le foirmeacha iarratais |
| **13 – 24 d'Eanáir, 2012** | Próiseáil na bhFoirmeacha Iarratais, Gearrliostáil iarrthóirí, más gá. Torthaí na gearrliostála curtha in iúl d'iarrthóirí.<br>Agallaimh do na poist múinteoireachta, mar a fógraíodh. Torthaí na n-agallamh curtha in iúl d'iarrthóirí. |

Tá an clár ama thuas ar mhaithe le cuidiú le hiarrthóirí. Cé go ndéanfar gach iarracht cloí leis na dátaí atá tugtha, d'fhéadfadh athruithe a bheith de dhíth ar an chlár ama de bharr líon na n-iarrthóirí.